C/2024/2991

29.4.2024

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.11386 – KKR / NETCO)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2024/2991)

1. An 19 Aibreán 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

KKR & Co. Inc. (in éineacht lena chuid fochuideachtaí 'KKR', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

NetCo (an Iodáil).

Gheobhaidh KKR rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NetCo ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Gnólacht infheistíochta domhanda is ea KKR, a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní malartacha mar aon le margaí caipitil agus réitigh árachais,

— Cuideachta nuabhunaithe is é NetCo, a bheidh déanta suas de FiberCop S.p.A ('FiberCop'), atá faoi rialú comhpháirteach KKR agus Telecom Italia S.p.A. ('TIM'), agus sócmhainní áirithe ó shócmhainní agus infreastruchtúr líonra fhosaithe TIM ('TIM Network Business'). Is cuideachta é FiberCop a bhfuil a cheanncheathrú san Iodáil, a sholáthraíonn seirbhísí sócmhainní tánaisteacha éighníomhacha-amháin ar a chuid líonraí copair agus snáthoptaice san Iodáil, agus a bhfuil sé mar aidhm aige sócmhainní tánaisteacha TIM a uasghrádú ó chopar go snáthoptaic san Iodáil. Tar éis an idirbhirt, soláthróidh NetCo, i measc seirbhísí eile, seirbhísí rochtana fosaithe mórdhíola ar a chuid líonraí copair agus snáthoptaice san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11386 – KKR / NETCO

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').